

CÁIN TONNÁISTE 1

MODH CHUN ROGHNÚ CÁIN TONNÁISTE A DHÉANAMH AGUS ÉIFEACHT A CHUR LEIS [DÉANANN ALT 697D DEN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA 1997 (ACC 1997) AGUS SCEIDEAL 18B CUID 1 MÍR 1(1)(2)(3) TAGAIRT DON ACHT SIN]

Tábhachtach: Féach ar an Nóta Faisnéise atá i dteannta na foirme seo roimh an fhoirm seo a chomhlánú Ní mór an fhoirm seo "Cáin Tonnáiste 1" a chomhlánú agus cóip den

(a) Mheamram agus Airteagail Chomhlachais, **agus**

(b) Deimhniú Corpraithe na cuideachta a bheith in éineacht leis.

Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA:

1. Ainm na cuideachta

2. Uimhir Thagartha Cáin Chorporáide.

3. Seoladh agus uimhir theileafóin oifig chláraithe na cuideachta

4. Ainmneacha agus seoltaí iomlána rúnaí na cuideachta agus gach duine de stiúrthóirí den chuideachta

Ainm an rúnaí/gach stiúrthóir	Seoladh

[Lean ort ar leathanach 2, más gá]

[Ar leanúint ó leathanach 1]

Ainm an rúnaí / gach stiúrthóir	Seoladh

5. Ainmneacha agus seoltaí iomlána gach duine de scairshealbhóirí tairbhiúla na cuideachta agus líon/ aicme na scaireanna atá ag gach duine acu

Ainm	Seoladh	Líon na scaireanna sealbhaithe	Aicme na scaireanna

[Lean ort ar leathanach 3, más gá]

[Ar leanúint ó leathanach 2]

Ainm	Seoladh	Líon na scaireanna sealbhaithe	Aicme na scaireanna

6. Ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an ghníomhaire

7. Longa Cáilitheacha agus Gníomhaíochtaí Cánach Tonnáiste (féach míreanna 1 agus 2 den Nóta Faisnéise atá i dteannta na foirme seo)

Liostaigh líon agus ainmneacha na “longa cáilitheacha”, luaigh cé acu an bhfuil siad faoi úinéireacht, faoi chairt nó ar léas, sonraigh a nglantonnáiste agus déan cur síos ar ghníomhaíocht cáin tonnáiste i leith gach aon cheann de na “longa cáilitheacha”.

Líon na Longa Cáilitheacha	Ainmneacha na Longa Cáilitheacha	Faoi Úinéireacht (Ú) Faoi Chairt (C) nó ar Léas (L)	Glantonnáiste	Cáin Tonnáiste Gníomhaíocht nó Gníomhaíochtaí [féach alt 697A(1) den ACC, 1997]

[Ar leanúint ó leathanach 4]

Líon na Longa Cáilitheacha	Ainmneacha na Longa Cáilitheacha	Faoi Úinéireacht (Ú) Faoi Chairt (C) nó ar Léas (L)	Giantonnáiste	Cáin Tonnáiste Gníomhaíocht nó Gníomhaíochtaí [féach alt 697A(1) den ACC, 1997]

8. Bainistíocht Straitéiseach agus Tráchtála na longa cáilitheacha
Cuir sonraí ar fáil faoin gcaoi a ndéanann an chuideachta bainistíocht straitéiseach agus tráchtála ar na longa cáilitheacha in Éirinn (féach ar mhír 3 den Nóta Faisnéise atá i dteannta an fhoirm seo).

Bainistíocht straitéiseach

Bainistíocht tráchtála

9. An tréimhse chuntasaíochta ina mbeidh éifeacht leis an roghnú faoi Alt 697D den ACC 1997 agus Sceideal 18B Cuid 1 Mír 3 den ACC, 1997.

--

10. Cineál an Roghnúcháin (cuir tic leis le do thoil): (a) Singil
(b) Grúpa

Má tá (b) i gceist, sonraigh ainm agus seoladh na cuideachta ionadaíche agus ainm rúnaí na cuideachta.

11. Sonraigh le do thoil má tá aon ioncam a fhaigheann an chuideachta a bhaineann/a mbainfidh tairbhe amach as an gcóras cánach tonnáiste déanta suas d'íocaíochtaí ó pháirtithe neamhchónaitheacha gaolmhara:

- (a) Tá
(b) Níl

Má tá (a) i gceist, sonraigh:

- (a) Tír chónaithe an pháirtí gaolmhar a rinne an íocaíocht
- (b) Tír chónaithe na gar-mháthairchuideachta taobh istigh den ghrúpa
- (c) Tír chónaithe na máthairchuideachta bunaidh taobh istigh den ghrúpa

Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil (ainm na cuideachta)

ina chuideachta cháilitheach* chun críche Alt 697A(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (ACC, 1997) agus is éard atá san fhoirm seo ná fógra roghnúcháin faoi cháin tonnáiste i gcomhréir le Sceideal 18B Cuid 1 Mír 1(1)(2)(3) den Acht sin.

Dearbhaím go bhfuil na sonraí uilig tugtha ar an bhfoirm seo i ndáil leis an bhfógra roghnúcháin seo faoi cháin tonnáiste, fíor agus ceart de réir mar is fearr a thuigim agus a chreidim.

Ainm i mbloclitreacha

Síniú

Dáta

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

An cháil ina bhfuil an síniú á dhéanamh

* Féach ar mhír 4 den Nóta Faisnéise atá i dteannta an fhoirm seo le sainmhíniú a fháil ar “cuideachta cháilitheach”

NÓTA FAISNÉISE AR CHRÍOCHNÚ NA FOIRME “CÁIN TONNÁISTE 1”

Nuair a bheidh an fhoirm seo comhlánaithe, ba chóir í a sheoladh ar ais chuig:

Na Coimisinéirí Ioncaim
An Brainse um Cháin Ioncaim Ghnó
Áras na gCoimisinéirí Ioncaim
Bóthar na Deastógála
An Linn Dubh
Corcaigh
T23 W922

Fón: 01 858 9883

Ríomhphost: tonnagetaxadmin@revenue.ie

Má tá tuilleadh eolais uait ar chomhlánú na foirme seo, nó faoin gcóras cáin tonnáiste go ginearálta, déan teagmháil leis an uimhir theileafóin thuas.

1. Sainmhínítear long cháilitheach in alt 697A(1) den ACC, 1997.
2. Ciallaíonn “gníomhaíochtaí cáin tonnáiste” i ndáil le cuideachta cáin tonnáiste (mar atá sainmhínithe faoi alt 697A(1) den ACC 1997), gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag an gcuideachta i rith trádáil ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a bhfuil cur síos orthu i míreanna (a) go (g) agus (i) go (j) den sainmhíniú ar “ioncam loingseoireachta cu” in alt 697A(1).
3. Ní mór do chuideachta an dá ghné den ‘tástáil straitéiseach agus tráchtála’ a chomhlíonadh sula measfar í a bheith incháilithe le bheith curtha san áireamh faoin gcóras cánach tonnáiste. **Ba chóir an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil agus cúltaca a thabhairt le fianaise cruachóip (m.sh. cóipeanna de chonarthaí, chomhaontuithe srl.):**

Fianaise go ndéantar an bainistíocht straitéiseach in Éirinn, m.sh.

- Suíomh na ceanncheathrún, foireann bainistíochta sinsearaí san áireamh
- Fianaise ar chinnteoireacht bhord stiúir na cuideachta in Éirinn ar chaiteachas agus diúscairtí caipitiúla suntasacha, bronnadh conarthaí móra, comhaontú ar chomhghuaillíochtaí straitéiseacha srl. Cén áit in Éirinn a ndearnadh na cinntí seo?
- Fianaise ar chinnteoireacht an bhoird oibriúcháin in Éirinn. Cén áit in Éirinn a ndearnadh na cinntí seo?
- A mhéid atá pearsanra bunaithe lear ag obair faoi stiúir agus ag tuairisciú do phearsanra bunaithe in Éirinn. Sa chás seo, ní mór meastachán a thabhairt ar líon an phearsanra/lucht bainistíochta atá fostaithe nó atá le bheith fostaithe in Éirinn.

Fianaise go ndéantar an bainistíocht tráchtála in Éirinn, m.sh.

- Pleanáil Bhealaigh
- Áirithintí a ghlacadh le haghaidh lasta nó paisinéirí
- Bainistiú a dhéanamh ar na buncair, ar riachtanais soláthair agus lóin na longa
- Bainistíocht pearsanra / criú
- Oiliúint
- Bainistíocht theicniúil longa, lena n-áirítear cinntí maidir le cothabháil agus deisiúchán soithí.
- Eolas eile cuí, mar shampla, cothabháil áiseanna tacaíochta ar nós ionaid oiliúna, críochfoirt srl in Éirinn (sa chás go bhfuil an long faoi bhratach, aicmithe, faoi árachas nó maoinithe in Éirinn, d'fhéadfadh tuilleadh tábhachta a bheith leis na táscairí atá leagtha amach thuas).

Bheadh sé úsáideach léargas a thabhairt ar cineál ghnó na cuideachta (fliuch / tirim / línear / bád farantóireachta / amach ón gcósta / srl), gnáthchineálacha conarthaí agus custaiméirí, oibriú / cur síos ar an margadh agus eolas breise cuí ar bith. Bheadh cóip de phlean gnó na cuideachta, dá mbeadh sé ar fáil, tairbheach.

4. Chun cáiliú le haghaidh d'iontráil sa chóras cánach tonnáiste ba chóir duit an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara: Déanann Alt 697A(1) den ACC, 1997, foráil gurb ionann “**cuideachta cháilitheach**” agus cuideachta -
 - (a) taobh istigh den mhuirear ar chánach corparáide,
 - (b) a oibríonn longa cáilitheacha, agus
 - (c) a dhéanann bainistíocht straitéiseach agus tráchtála na longa sin sa Stát.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.